

Ar Fheabhas.

Irish Independent 

Treoirleabhar do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta,
Dé Céadaoin 14 Deireadh Fómhair, 2015. Cnuasach 3, Eagrán 5.

Díospóireacht – Is Parthas turasóireachta í Éire an lae inniu.

Na daoine:

An Cathaoirleach
Captaen na foirne
Lucht an fhreasúra
An lucht éisteachta
Cairde Gaeil
Daoine Uaisle
Comhscoláirí
Múinteoirí
Moltóirí

Ag beannú dóibh:

A Chathaoirligh,
A chaptaen na foirne,
A lucht an fhreasúra,
A lucht éisteachta,
A chairde Gaeil,
A dhaoine uaisle,
A chomhscoláirí
A mhúinteoirí,
A mholtóirí.

An túsasóir é? Céard a dhéanfaidh sé inniu?



Nathanna Úsáideacha i leagan amach na díospóireachta:

Oscailt: A chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a lucht éisteachta...

Tá muid tagtha/bailithe anseo le chéile inniu chun an rún "....." a phlé.

Tá mé féin agus m'fhoireann go huile is go hiomlán/go láidir...

ar son an rúin seo (for)/i gcoinne an rúin seo (against).

Tá súil agam go n-aontóidh sibh linn/lenár n-argóintí ag deireadh na díospóireachta.

Cur in Aithne: Ba mhaith liom m'fhoireann a chur in aithne daoibh i dtosach. Is mise _____, captaen na foirne, agus pléifidh mise A agus B, a léireoidh fírinne an rúin/a bhréagnóidh an rún (seafóideach) seo. Ansin, cloisfidh sibh ó _____ a luafaidh D agus E. Agus ansin, labhróidh _____ libh agus mise á rá, beidh pointí suimiúla aici/aige freisin.

(Rogha Breise) An tSainmhíniú: (Ar an gcéad dul síos, tá mé chun sainmhíniú (definition) a thabhairt ar an rún seo. Is é an rún atá le plé againn inniu ná..... Tugann an focal 'Parthas' le tuiscint dúinn go bhfuil foirfeacht (perfection) ag baint le hÉirinn. Creidim féin...)

Ginearálta: Caithfidh mé a rá gur chuir an rún seo ag smaoineamh mé. Ba mhaith liom mo chuid tuairimí a roinnt libh. Ná déanaigí dearmad go mbíonn dhá insint ar gach scéal. Ní caint ar son na cainte a chloisfidh sibh, ach argóintí láidre ciallmhara. Geallaim daoibh go mbeidh sibh ar aon intinn liomsa faoi dheireadh na díospóireachta seo. Ní gá go n-aontódh sibh liom ach creidim in / tá muintín agam as bhur gcuid céille, a chairde. Dar leis an rún seo.....ba cheart/ níor cheart/ bíonn/ ní bhíonn... Ar an gcéad dul síos... Chomh maith leis sin... Anuas air sin... Ar deireadh thiar thall...

Ar Son: Níl aon dabht / níl aon amhras orm ach go dtuigfidh sibh an fáth go dtacaím chomh láidir sin leis an rún seo.

Aontaím go huile is go hiomlán leis an ráiteas seo.

I gCoinne: Ó léigh mé an rún (seafóideach) seo, tá mé le ceangal.

Tuigfidh sibh cén fáth má thugann sibh cluas dom go ceann tamaillín.

Beidh mé féin agus m'fhoireann ag labhairt in aghaidh an rúin.....

Ní thagaim leis sin a bheag nó a mhór.

Ní chreidim gur fíor sin in aon chor.

An tAlt Deireanach: Faraor, tá an t-am ag breith orm agus caithfidh mé críoch a chur le mo chuid cainte. Tá súil agam gur éirigh liom sibh a thabhairt liom agus go n-aontaíonn sibh liomsa agus le m'fhoireann. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl daoibh as éisteacht le mo chuid smaointe/cainte/tuairimí/argóintí.

Díospóireacht – Is Parthas turasóireachta í Éire an lae inniu.

Tá alt le Tony Birtill ar Beo.ie a phléann Turasóireacht in Éirinn. Léigh é, breac síos an stór focal tábhachtach agus scríobh díospóireacht i bhfabhar an rúin seo. Seo cúpla nod chun cabhrú leat plean éifeachtach a ullmhú.

Turasóireacht inbhuanaithe (sustainable)	Líon na gcuairteoirí
Turasóireacht siúlóide	Ag méadú/ag titim/ag ísliú
Turasóireacht áitiúil	Feachtas turasóireachta
Athbheochan	Earnáil na turasóireachta
Geilleagar (economy)	Obair shéasúrach sa turasóireacht
Ré an Tíogair Cheiltigh	Turasóireacht chultúrtha
Éire na bhFáiltí	Tírghrá

Seanfhocail:

De réir a chéile a thógtar na caisleáin.

Is deas an rud an beagán ach é a dhéanamh go maith.

Is glas iad na cnoic i bhfad uainn (ach ní i gcónaí a bhíonn siad féarmhar).

Is maith an scéalai an aimsir.

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin.

Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

Pointí:

- **Muintir na hÉireann** – cén saghas daoine muid? – tréithe – buanna atá againn – daoine cairdiúla fáiltiúla - ba cheart dúinn ár laethanta saoire féin a chaitheamh in Éirinn...
- **Ceol na hÉireann** – cineálacha éagsúla ceoil – uirlisí – grúpaí, amhránaithe, bannaí – damhsa traidisiúnta – Riverdance ag an Eoraifís – dánlanna, amharclanna, iarsmalanna – ceirdeanna – Coláistí Samhraidh – féilte na bliana, Oíche Shamhna...
- **Spórt na hÉireann** – spórt foirne – spórt aonair – cumainn agus clubanna – surfáil – CLG – (drochairsir áfach!) – spórt gairmiúil nó amaitéarach – tábhacht an spóirt ...
- **Cultúr agus Teanga na hÉireann** – An Ghaeilge, Gaeltachtaí, Conradh na Gaeilge, féiniúlacht (identity), Éireannaigh nua agus an Ghaeilge, Gaelscoileanna...
- **Ball den Aontas Eorpach muid** – éasca teacht anseo anois gan víosa, chun cónaí nó chun oibriú/obair anseo – ilchultúrachas – obair ar fáil, feirmeoireacht, nuatheicneolaíocht, ríomhaireacht, iascaireacht, monarchana, taighde (research) agus forbairt (development)...
- **Cúrsaí Idirnáisiúnta agus Náisiúnta** – síocháin againn in Éirinn – baill den Aontas Eorpach – tír shábháilte – na Gardaí Síochána – easpa fadhbanna – cumainn charthanachta anseo sa tír – daoine flaithiúla...
- **Siopaí turasóireachta i lár na cathrach** – nua – busanna turasóireachta – áiseanna iontacha – tránna móra – cúrsaí breátha gailf – ag spaisteoireacht ar chnoic...
- **Tóstal Éireann 2013** – Gabriel Byrne á cháineadh, ag rá nach raibh ag teastáil ó Éirinn ach airgead.

An Bhéaltriail – An Teach agus An Ceantar

Cén saghas tí atá agat?

Tá teach scoite/leathscoite/ árasán agam/againn. Cónaím ann le mo Mham / mo Dhaid.

Is teach breá mór é / Tá sé saghas beag ach is breá liom é.

Tá dhá/trí/ceithre/cúig/sé sheomra leapa/seacht/ocht seomra leapa sa teach, cistin bhreá mhór/bheag bhídeach, seomra suí, seomra folctha/dhá sheomra folctha, halla, áiléar, íoslach i mo theachsa.

Tá gairdín deas againn chun tosaigh/ar chúl, tá crann/sceach ann agus bláthanna, mar shampla...

Níl aon ghairdín againn, ach tá páirc gar don teach agus téim ag siúl ansin go minic. Tá balcóin againn agus fásann mo Mham bláthanna ansin. Tá bothán againn sa ghairdín – cuireann mo Dhaid a lán rudaí ann/déanaim mo chuid staidéir amuigh ansin.

Déan cur síos ar an seomra leapa seo



Déan cur síos ar do sheomra leapa.

Tá leaba shingil/dhúbailte agam, cófra, tarraiceáin, seilf do leabhair, scáthán agus bord/deasc agam i mo sheomra. Roinnim mo sheomra/ní roinnim mo sheomra le mo ... Tá go leor spáis agam/níl neart spáis agam. Bíonn mo sheomra glan agus néata i gcónaí. Bíonn mo sheomra ina phraiseach i gcónaí. Deir mo Mham go bhfuil sé chomh bréan le pluais an mhadra rua. Maraíonn mo mham mé. Bíonn sí i gcónaí do mo chrá, ag iarraidh orm é a ghlanadh/sa droim orm faoi é a ghlanadh. Tá póstaer agam ar an mballa de... Tá go leor grianghraf agam ar na ballaí.

Déan cur síos ar do cheantar.

Tá cónaí orm i.../Cónaím i.../Tá mé i mo chónaí i... (i+urú).

Is ceantar _____ é: deas – ciúin – gnóthach – álainn – salach – garbh – leadránach – stairiúil – torannach.

Tá a lán áiseanna i mo cheantar, mar shampla...

Tá na seirbhísí taistil go hiontach/go huafásach. (Tá cónaí orm i lár na cathrach) Níl a lán áiseanna i mo cheantar – níl aon rud le déanamh atá saor in aisce (free). Tá na háiseanna uilig róchostasach. Ní bhíonn mórán le déanamh ag an deireadh seachtaine.



Déan cur síos ar an gceantar seo.

An bhfuil mórán fadhbanna i do cheantar?

Níl fadhb ar bith i mo cheantar, buíochas mór le Dia, tá mé an-sásta go bhfuil cónaí orm in áit shábháilte.

Is iomaí fadhb atá i mo cheantar, is oth liom a rá.

- Bíonn an iomarca tráchta ann i gcónaí agus bíonn sé deacair agus dainséarach an bóthar a thrasnú agus tú ag siúl. Bíonn an trácht uafásach ar maidin.
- Téann daoine óga an cheantair amach ag ól sa pháirc go minic. Caitheann siad bruscar i ngach áit agus cuireann siad isteach ar dhaoine eile. Ní mhothaím sábháilte nuair a bhíonn siad amuigh ag ól.
- Tá an ceantar an-torannach mar gheall ar an trácht. Dúisítear go moch ar maidin mé i gcónaí mar gheall ar na carranna. Cuireann sé isteach go mór orm.
- Níl mórán áiseanna i mo cheantar mar shampla...
Leabharlann, pictiúrlann, spórtlann, páirceanna imeartha, ionad siopadóireachta agus araile (srl – etc)
- Tá mé i bhfad ó lár na cathrach/tá mé i bhfad ón scoil. Ní chónaíonn mo chairde gar dom. Más mian liom dul ar cuairt chuig mo chairde, caitheadh mé síob a fháil ó mo thuistí/thuismitheoirí.
- Níl córas iompair iontach againn i mo cheantar – ní thagann an bus minic go leor – tagann sé gach tríocha nóiméad nó mar sin.
- Níl a lán daoine ar chomhaois liom. Cónaíonn a lán teaghlach i mo cheantar le páistí óga/a lán seandaoine i mo cheantar. Tá sé deacair aithne a chur ar dhaoine ar chomhaois liom.

Tasc Labhartha))

1. Samhlaigh go bhfuil cónaí ort sna tithe seo. Déan cur síos orthu agus ar an gceantar ina bhfuil siad.
2. Roghnaigh an teach is fearr leat agus tabhair/luaigh cúpla fáth.
3. Dear teach duit féin. Cé na rudaí a chuirfeá ann? Cén dath a chuirfeá air?



Sraith Pictiúr 4, 2016 - Madra ar Strae



Cuir na habairtí seo in ord agus líon na bearnaí:

- A. D'inis Síle ___ céard a tharla ___ Jojo.
- B. Thug Liam barróg ___ Shíle.
- C. Mhóthaigh Síle a fón ag bualadh ___ póca.
- D. Bheannaigh a tuismitheoirí ___ ag an doras ach ansin thug siad rabhadh ___ freisin.
- E. Ghlaigh duine éigin ___ Shíle ansin.
- F. Bhí áthas an domhain ___ Shíle nuair a chuala sí an dea-scéal.
- G. Fuair Liam téacs ___ Shíle ar maidin.
- H. Chruthaigh siad leathanach Facebook ag ___ cabhrach ón bpobal.

Seanfhocail na Seachtaine

Scríobh scéal beag samplach a léiríonn brí an tseanfocail. Tá an chéad cheann déanta duit.

Beart gan leigheas, foighne is fearr dó.

Chuir Colm isteach go mór ar Áine oíche Aoine. Rinne sé iarracht gaoch a chur uirthi chun leithscéal a ghabháil, ach níor fhreagair sí é. Sheol sé bláthanna chuici, ach thug sí neamhaird orthu! Ní raibh le déanamh aige ach fanacht ar scéala uaithe...

Tar éis a thuigtear gach beart.

Bailíonn brobh beart.

Tomhas na Seachtaine

Seo tomhas na seachtaine seo caite - Cén rud nach bhfuil mórán maitheasa ann go dtí go mbristear é? Ubh!

Tomhas 5: Dhá chapall déag bhána ar chnoc dearg.

Ceist na Gramadaí - An Aidiacht

Sa Ghaeilge, tagann an aidiacht tar éis an ainmfhocail.

m.sh. The big man = An fear mór.

Níl ach cúpla eisceacht ag an riail seo.

m.sh. Droch-chlú...dea-scéal...seanbhean...

Nuair a úsáideann muid aidiachtaí, caithfidh muid smaoineamh ar inscne agus ar uimhir an ainmfhocail. **(Tá Tuiseal Ginideach na nAidiachtaí éagsúil, ach pléifimid é sin lá eile.** Inniu, féachfaimid ar na Tuisil eile.) Réitíonn

inscne na haidiachta le hinscne an ainmfhocail. Má tá an t-ainmfhocal baininsneach, beidh na haidiachtaí a dhéanann cur síos ar an ainmfhocal sin baininsneach freisin. Séimhítear na haidiachtaí baininsneacha.

m.sh. An **b**hean **m**hór **ch**ineálta. Oíche **ch**íúin.

Má leanann aidiachtaí ainmfhocal firinsneach, bíonn na haidiachtaí uilig firinsneach.

m.sh. An fear mór **c**ineálta. Lá **c**íúin.

An- + Ró

Leanann fleiscín (-) agus séimhiú an mhír **an-** (seachas nuair atá DNTLS i gceist).

Leanann séimhiú an mhír **ró**. Ní bhíonn fleiscín ná spás ina diaidh (seachas nuair a thagann dhá ghuta le chéile).

Aidiacht:	beag	cainteach	dian	simplí	ólta
An-	an-bheag	an-chainteach	an-dian	an-simplí	an-ólta
Ró	róbheag	róchainteach	ródhian	róshimplí	ró-ólta

Aidiachtaí san Uimhir Iolra

Tarlaíonn dhá athrú d'aidiachtaí san uimhir iolra: 1. Deireadh an fhocail agus 2. Séimhiú. Foghlaim na rialacha seo a leanas a bhaineann le formhór na n-aidiachtaí.

	Riail	Riail (éasca!)	Samplaí
Grúpa 1	Cuirtear -a le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan	A, o, u + consan leathan + a	cóta dearg - cotaí dearga balla gorm - ballaí gorma mála lán - málaí lána páiste trom - páistí troma
Grúpa 2	Cuirtear -e le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol	E, i + consan caol + e	cara maith - cairde maithe páiste glic - páistí glíce duine ciúin - daoine ciúine
Grúpa 3	Athraíonn aidiachtaí a chríochnaíonn le -úil go -úla .	-úil ---> -úla	cara suimiúil - cairde suimiúla bean leisciúil - mná leisciúla
Grúpa 4	Leathnaítear aidiachtaí a chríochnaíonn le -ir , agus cuirtear -a leo.	-ir ---> leathnú + a	páiste socair - páistí socra ceacht deacair - ceachtanna deacra
Grúpa 5	Ní athraíonn aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta. (Seachas breá - breátha agus te - teo).	Guta ---> gan athrú	hata buí - hataí buí gúna galánta - gúnaí galánta

Ar Fheabhas

Madeleine Ní Ghallchobhair, (M.A.) as an nGaeltacht i nDubh Loch, gar do Bhéal an Mhuirthead, Co. Mhuigh Eo a chuir an treoirleabhar seo le chéile le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Rinne sí MA i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge - Iriseoireacht, i gCOBÁC agus chaith sí bliain ag múineadh Gaeilge i Nua-Eabhrac mar Fulbright FLTA. Is múinteoir Gaeilge i gColáiste San Dominic, Ascaill Uí Ghríofa, in Institiúid Oideachais Marino agus is príomhoide i gColáiste UISCE, Co. Mhuigh Eo í.



Eagarthóireacht: **Bairbre Ní Ógáin** Deartha ag: **INM Studio**

Scríobh chugainn: **Independent Newspapers,**

Att. Louise Kirwan, Ar Fheabhas, 27-32, Sráid Thalbóid, BÁC 1

Cúram Custaiméirí: **023 8863850**

Ríomhphost: **schoolorders@independent.ie**

- Aidiachtaí i nGrúpa 1: ard, bán, beag, bocht, caol, ceart, daor, dearg, deas, dian, dubh, éadrom, fionn, fliuch, fuar, gaofar, glan, greannmhar, lán, mór, óg, saor, trom.
- Aidiachtaí i nGrúpa 2: binn, ciúin, glic, maith, tinn, tirim (N.B. dílis - dílse, láidir - láidre, milis - milse, saibhir - saibhre, álainn - áille).
- Aidiachtaí i nGrúpa 3: áitiúil, bródúil, cáiliúil, cairdiúil, dathúil, éagsúil, éirimiúil, leisciúil, míosúil, oifigiúil, páistiúil, sláintiúil, suimiúil.
- Aidiachtaí i nGrúpa 4: deacair, socair.
- Aidiachtaí i nGrúpa 5: buí, cuí, fada, galánta, gonta, (breá - breátha, te - teo).

Nuair a leanann aidiachtaí ainmfhocail atá san uimhir iolra, athraíonn siad.

Nuair a leanann aidiacht ainmfhocal san uimhir iolra, uaireanta tógann sí séimhiú. Tá sé éagsúil leis an uimhir uatha, áfach, mar anseo ní bhaineann inscne leis.

Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal iolra ar chonsan caol, tógann na haidiachtaí séimhiú.

m.sh. Na **f**ir **d**heasa **m**haithe.

Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal iolra ar chonsan leathan/ar ghuta, ní thógann na haidiachtaí séimhiú.

m.sh. Na mná deasa maithe.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Freagraí: G (ó), B (do), A (dó - do), H (lorg), C (ina), E (ar), F (ar), D (di - di).